C/2024/5523

17.9.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Meán Fómhair 2024

lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025

(C/2024/5523)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314(3) de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. An 12 Iúil 2024, thíolaic an Coimisiún togra ina raibh dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025 ([1]),

2. Scrúdaigh an Chomhairle an togra ón gCoimisiún d'fhonn seasamh a shainiú a bheidh comhsheasmhach, ó thaobh an ioncaim de, le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena leasaítear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ([2]), agus, ó thaobh an chaiteachais de, le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([3]), arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ([4]).

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

An 13 Meán Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025.

Tá an téacs iomlán ar fáil le haghaidh comhairliúcháin nó le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/public-register-search/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

([1]) COM(2024) 300 final.
([2]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024).